



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS LUATH, 1492-1815

Scrúdú scríofa: 400 marc

An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

### *Treoracha d'Iarrthóirí:*

Freagair na Ranna 1, 2 agus 3 laistigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 2)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar thopaic amháin as an roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar dhá thopaic as an roinn seo.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 2*

**Éirí amach agus concas in Éirínn i réimeas Eilíse, 1588-1603**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

***Tiarnas Thír Eoghain***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1. (a) Cad a bhí á phleanáil ag Ó Néill agus Ó Domhnaill maidir leis an bPáil, dar le doiciméad A?  
(b) Cé a cheap Ó Néill chun ionradh a dhéanamh ar Dhealbhna, dar le doiciméad A?  
(c) Conas a thairg Aodh Ó Néill a dhílseacht don Rí Séamas a chruthú, dar le doiciméad B?  
(d) Cad a thug Séamas I ar ais d'Aodh Ó Néill, dar le doiciméad B?  
(40)
2. (a) Conas a d'athraigh polasaithe Aoidh Uí Néill, Iarla Thír Eoghain, i leith Choróin Shasana idir 1600 agus 1603? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.  
(b) Cé acu doiciméad, A nó B, is mó a insíonn dúinn faoi chumhacht agus thionchar Aoidh Uí Néill, Iarla Thír Eoghain? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.  
(20)
3. (a) Cén fhianaise atá i ndoiciméad A faoin méid ullmhucháin a rinne Aodh Ó Néill?  
(b) Cén fhianaise atá i ndoiciméad B maidir le meon an Rí i leith Aoidh Uí Néill?  
(20)
4. Conas a chuaigh Cogadh na Naoi mBliana i bhfeidhm ar chumhacht agus thionchar Aoidh Uí Néill in Éirínn?  
(20)

- Doiciméad A -

**Is sliocht coimrithe é seo a leanas as litir dar dháta 3 Eanáir 1600 ó shaighdiúir Éireannach i gcampa Aoidh Uí Néill, Iarla Thír Eoghain, chuig Sir Geoffrey Fenton, coimisinéir ríoga do ghnóthaí Uladh.**

Nuair a bhuail Tír Eoghain agus Ó Domhnaill le chéile sa Srath Bán, gheall siad go ndéanfadh siad ionradh ar Pháil na Sasanach. Beidh siad réidh le cur chun siúil i gceann cúpla lá agus níl siad ach ag fanacht ar chuid dá n-arm. Tá Tír Eoghain tar éis cáin de 2,500 buannacht sa bhreis a ghearradh ar a dhúiche agus lonnófar an fórsa sin in dhá dhún in aice leis an Iúr.

Tá sé ar intinn aige léigear a dhéanamh ar gharastúin an Iúir agus Dhún Dealgan. Tá Mac Mathúna, Cormac, Turlach Mac Anraí, agus Ó Raghallaigh ceaptha aige chun ionradh a dhéanamh ar Dhealbhna. Coinneoidh sé féin, Mac Somhairle, Mac Aonghusa, agus Ó hAnluain, arm ullamh chun cuidiú leis an ionradh.

Foinse: *Calendar of State Papers, Ireland.*

- Doiciméad B -

**Is sliocht coimrithe é seo a leanas ó fhorógra a rinne Rí Séamas I (Londain, 1603) inar thug sé pardún d'Aodh Ó Néill as éirí amach in aghaidh Bhanríon Eilís I, agus inar thug sé a theideal mar Iarla Thír Eoghain ar ais dó.**

Tuigim gur léirigh an tIarla mórán comharthaí ar a aithreachas don Bhanríon sular bhásaigh sí. Bhí síse i ndiaidh cumhacht a thabhairt dá Fear Ionaid, an Tiarna Mountjoy, trócaire a dhéanamh air [pardún a thabhairt dó], dá mbeadh sin á lorg aige.

Thug an Tiarna Mountjoy le fios dom go bhfuil Ó Néill tar éis éirí as aon dílseacht a bhí aige do chumhacht eachtrach agus gur thairg sé go gcuideodh sé le dul i ngleic le reibiliúnaigh eile in Éirinn.

Glactar ina riocht agus ina staid leis mar ghéillsineach dílis, agus faoi chéim agus faoi ghradam Iarla Thír Eoghain. Bíodh a fhios ag cách go bhfuil glactha agam leis i mo ghrása agus i m'fhabhar. Aithním mar ghéillsineach de mo chuid é agus mar dhuine a bhfuil gradam agus céim uasal aige i mo fhlaithias in Éirinn.

Dá bhrí sin, má mhaslaíonn aon duine Iarla Thír Eoghain, i bhfocail nó i ngníomh, measfaimid a leithéid mar chion a thuilleann pionós.

Foinse: Forógra ríoga ón Rí Séamas I. Londain, 1603.

## ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos.

*Éire: Topaic 1*

**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Thaistil Francesco Chiericati ar cuairt go hÉirinn, agus rinne sé an cur síos seo agus é ag scríobh chuig Isabella d'Este Gonzaga in 1517. Léigh an sliocht coimrithe seo thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Le caoinchead an Rí Anraí VIII, thrasnaíomar an fharraige go cathair in Éirinn ar a dtugtar Baile Átha Cliath. Tá sé ar cheann de na trí chathair uirbeacha, and is í príomhchathair na hÉireann uile í. Is anseo atá Mórchomhairle na Ríochta agus de bhrí gur áit cois farraige í tá daonra mór go maith inti.*

*Tá an iliomad bád anseo chun iasc saillte, seithí, eallach agus capaillíní Éireannacha a easpórtáil, agus déantar fíon agus earraí den iliomad cineál a iompórtáil. Nuair a bhíomar ansin chuir an tArdeaspag Ró-Oirmhinneach mar aon le hIarla Oirirc Chill Dara, fear ionaid an rí ar an oileán, cóir mhaith orainn.*

Foinse: CELT: Corpus of Electronic text, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Éire – <http://www.ucc.ie/celt>

1. Cén fáth a raibh Baile Átha Cliath tábhachtach, dar le Chiericati?
2. Cé chomh gnóthach agus a bhí calafort Bhaile Átha Cliath, dar le Chiericati?
3. Ainmnigh beirt daoine tábhachtacha a chuir cóir ar Chiericati i mBaile Átha Cliath?
4. Cad iad na heaspórtálacha ó Bhaile Átha Cliatha a luaigh Chiericati?
5. Cén áit i gCill Dara a raibh príomhchaisleán na nGearaltach ag an am?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Gearóid Mór, ochtú Iarla Chill Dara.
2. Con Bacach Ó Néill.
3. An leasú Observantach.
4. Tréadachas agus buailteachas i sochaí na nGael.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chaill Iarlaí Chill Dara a gcumhacht in 1536-37?
2. Cad iad na cearta a bhí ag mná maidir le pósadh faoi dhlí na nGael?
3. Cén tionchar a bhí ag filí a oileadh i Scoileanna na mBard in Éirinn Ghaelach?
4. Cad iad na hathruithe a thug Anraí VIII isteach san eaglais in Éirinn?

Ríocht nó coilíneacht - an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Seo sliocht coimrithe as cuntas ó scoláire ónár linn féin ar an tábhacht a bhaineann le hobair na gCeithre Máistrí. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhí an Bráthair Micheál Ó Cléirigh agus a chompánaigh ag saothrú sa tréimhse leochaileach idir bás Eilíse in 1603 agus tús an chogaidh in 1641, tréimhse ina raibh síocháin mhíshocair i réim in Éirinn. Thaistil siad ar fud na hÉireann agus chóipeáil siad go córasach na téacsanna stairiúla ar fad a raibh fáil acu orthu agus sheol siad chuig an Ísiltír Spáinneach iad, áit a mbeidís réasúnta sábháilte. Ina dhiaidh sin, cailleadh bunchóipeanna fhormhór na lámhscríbhinní a chóipeáil siad agus a bhí fanta in Éirinn – is dócha sna cogá a tharla i lár agus i ndeireadh an tseachtú haois déag.*

Foinse: Donnchadh Ó Corráin, ‘What Happened to Ireland’s Medieval Manuscripts?’ Donnchadh Ó Corráin, e.g., *Peritia, Journal of the Medieval Academy of Ireland*.

1. Cathain a rinne Micheál Ó Cléirigh agus a chompánaigh (na Ceithre Máistrí) a gcuid oibre in Éirinn?
2. Cad iad na lámhscríbhinní a chóipeáil siad?
3. Cad a rinne siad leis na cóipeanna de lámhscríbhinní a bhí acu?
4. Cad a tharla do na lámhscríbhinní a bhí fanta in Éirinn?
5. Cén fáth a raibh na Ceithre Máistrí chomh tábhachtach sin d’fhoinsí stair na meánaoiseanna in Éirinn?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Sir Thomas Wentworth agus na Grása.
2. Luke Wadding.
3. Elizabeth Butler, Cuntaois Urumhan.
4. An Protastúnachas in Éirinn, 1603-1641.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar tháinig imircigh Albanacha go Cúige Uladh sa seachtú haois déag luath agus cad iad na hathruithe a thug siad isteach?
2. Cén tionchar a bhí ag Richard Boyle agus a chlann ar imeachtaí in Éirinn?
3. Conas a d’éirigh leis an Ardeaspag Rinuccini lena mhisean go hÉirinn?
4. Cén ról a ghlac Sir Féilim Ó Néill i reibiliún na bliana 1641?

*Éire: Topaic 4*  
**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tógadh é seo as forógra, 14 Samhain 1661, ‘Caomhnú géim in aice le Baile Átha Cliath agus an Currach ar mhaithe le caitheamh aimsire Fhear Ionaid an Rí agus na Comhairle’. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tugaimid treoir agus ordú docht leis seo in ainm an rí do gach aon duine gan féachaint le piásún, patraisc, cearc fraoigh ná giorria ar bith, ná géim ar bith atá toirmisce, a thógáil ná a mharú le seabhaic, líonta, gunnaí, sotair, cúnna ná le haon uirlis eile de chineál ar bith, in aon áit nó áiteanna laistigh de sheacht míle ó chathair Bhaile Átha Cliath, agus chomh maith leis sin laistigh de teorainneacha Churrach Chill Dara, ná laistigh de thrí mhíle ón áit chéanna, ach amháin gur ceadmhach do na comhairleoirí stáit a gcaitheamh aimsire a ghlacadh le seabhaic nó a athrach laistigh de na teorainneacha réamhráite seo.*

*Agus tugaimid treoir agus ordú docht nach bhféachfaidh duine ná daoine ar bith laistigh de fhlaithéas na hÉireann le haon sotair a úsáid ná a choinneáil, ach go mbeidh cead de réir dlí ag máistir ghéim an rí, nó ag a chuid ionadaithe, sotair den sórt sin a ghabháil, a thógáil, agus a scríosadh ar a gcáoithiúlacht.*

Foinse: *The Proclamations of Ireland 1660-1820*, Imleabhar 1, eag. James Kelly mar aon le Mary Ann Lyons, Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, 2014.

1. Cad iad na cineálacha géim a caomhnaíodh d’Fhear Ionaid an Rí agus dá Chomhairle in 1661?
2. Cár caomhnaíodh an géim d’Fhear Ionaid an Rí agus dá Chomhairle in 1661?
3. Cad iad na bealaí chun breith ar ghéim a ndéantar taifead orthu san fhorógra thuas?
4. Cad is ceadmhach le máistir ghéim an rí a dhéanamh le haon sotair in Éirinn?
5. Ainmnigh duine amháin a bhí mar Fhear Ionaid an Rí in Éirinn sa tréimhse 1660-1715.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Baile Átha Cliath le linn na hAthghairme.
2. An tAcht Comhéigin agus an tAcht Loingseoireachta.
3. An Regium Donum.
4. Tóraithe agus Ropairí.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a bhain William Molyneux amach i réimsí na heolaíochta agus na fealsúnachta?
2. Cad a chuir Oilibhéar Pluincéid le gnóthaí na hÉireann, 1670-1681?
3. Cén fáth a raibh Parlaimint 1689 conspóideach?
4. Cérbh iad na filí Seacaibíteacha agus cad iad na ceisteanna a bhí ag déanamh inní dóibh?

**Coilíneacht nó ríocht – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tógadh an sliocht seo as an bhforógra *Coraintín a chur i bhfeidhm ar loingeas ón Meánmhuir*, 3 Meán Fómhair 1720. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*De bhri go bhfuil eolas faighte go bhfuil Marseilles agus áiteanna eile sa Mheánmhuir buailte ag an bplá, agus ... chun cosc a chur ar ghalrú a d'fhéadfadh a bheith ag teacht isteach i gcalafoirt an rí ar longa:*

*Ar an gcéad dul síos, gach long agus soitheach a thagann isteach in aon chalafoirt sa ríocht seo ón Meánmhuir caithfidh siad a bheith ar coraintín ar feadh daichead lá, ag tosú ar an gcéad lá a rachaidh gach long ar ancaire san áit atá ceaptha dá leithéid de choraintín agus ní roimhe sin.*

*Sa dara cás, is iad na háiteanna ina chuirfear an coraintín i bhfeidhm ná calafoirt dá leithéid seo: Dún na Séad, Cairlinn, Na Cealla Beaga agus Cuan Mó.*

*Sa tríú háit, go dtí an tráth a gcuirfear a leithéid de choraintín i bhfeidhm agus lena linn, aon duine a bheidh ag teacht ná earraí a bheidh á n-iompórtáil ar long dá sórt, ní thiocfaidh siad i dtír ná ní chuirfear i dtír iad in aon áit.*

Foinse: *The Proclamations of Ireland 1660-1820*, Imleabhar 3, eag. James Kelly mar aon le Mary Ann Lyons, Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, 2014.

1. Cén fáth ar cuireadh coraintín i bhfeidhm?
2. Cad iad na longa a cuireadh ar coraintín, dar leis an bhforógra?
3. Cé chomh fada agus a bhí an coraintín le bheith i bhfeidhm?
4. Ainmnigh áit amháin a úsáideadh chun longa a chur ar coraintín?
5. Seachas longa a chur ar coraintín, luaigh fadhb amháin a bhain le loingeas tráchtála in Éirinn, 1715-1770.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Litreacha Drapier.
2. Na Buachaillí Bána.
3. Bailte móra pleanáilte.
4. Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh tábhachtach agus a bhí muintir Ponsonby i rialtas na hÉireann?
2. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Peg Woofington (1720-1760) ina gairm stáitse?
3. Cad a bhain John Hely-Hutchinson amach mar scoláire agus mar státaire?
4. Cén fáth ar cuireadh an tAthair Mac Síthigh ar a thriail agus cén toradh a bhí uirthi?

Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Tógadh an méid seo a leanas as an bhforógra, *Luach saothair dóibh siúd a liostálfaidh sa Chabhloch Ríoga*, 4 Lúnasa 1790. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Meastar gur oiriúnach do sheirbhís an rí é go dtabharfaí deontais agus luaíochtaí d'fhir farráige agus d'fhir tíre a chuirfidh iad féin ar fáil dá ndeoin féin chun seirbhís a dhéanamh i gcabhloch an rí. Ordaímid agus fógraímid, mar sin, leis seo go n-íocfar trí phunt Bhriotanacha le gach mairnéalach inniúil, agus daichead scilling Bhriotanacha le gach gnáthmhairnéalach nach bhfuil faoi bhun fiche bliain d'aois ná os cionn caoga cúig bliain d'aois; agus fiche scilling chomh maith le gach fear tíre nach bhfuil faoi bhun ocht mbliana déag d'aois ná os cionn tríocha a cúig bliana d'aois.*

*Beidh na deontais agus na luaíochtaí sin le híoc sula bhfágann a leithéidí de dhaoine an calafort ina dtéann siad ar bord, agus le leanúint díobh go dtí an 31 Lúnasa.*

Foinse: *The Proclamations of Ireland 1660-1820*, Imleabhar 4, eag. James Kelly mar aon le Mary Ann Lyons, Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, 2014.

1. Cén luaíocht a bhí le fáil ag mairnéalach inniúil a liostáil?
2. Cén luaíocht a bhí le fáil ag gnáthmhairnéalach a liostáil?
3. Cad iad na teorainneacha aoise a bhí i bhfeidhm do ghnáthmhairnéalach a liostáil?
4. Cá háit a raibh na deontais agus na luaíochtaí le híoc leo siúd a liostáil sa Chabhloch Ríoga?
5. Tabhair cúis a raibh mairnéalaigh bhreise ag teastáil ón gCabhlach Ríoga in 1790.

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Saorthrádáil agus Parlaimint Grattan.
2. Wolfe Tone agus na hÉireannaigh Aontaithe.
3. An tAthair Artúr Ó Laoghaire.
4. Eibhlín Dhubh Ní Chonaill.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar theip ar an éirí amach i Loch Garman sa deireadh?
2. Cad iad na cúinsí ba chúis le fás Bhéal Feirste?
3. Cé chomh tábhachtach agus a bhí bunú Choláiste Mhá Nuad?
4. Cad a chuir Nano Nagle leis an oideachas in Éirinn?



**ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR**  
**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Rinne Giorgio Vasari (1511-74) cur síos ar phortráid Raphael den Phápa Leo X sa sliocht seo a leanas. Léigh cuntas Vasari agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Le linn dó a bheith sa Róimh, phéinteáil Raphael pictiúr mór inar léirigh sé an Pápa Leo, an Cairdinéal Giulio de' Medici agus an Cairdinéal de' Rossi. Dealraíonn sé, sa saothar seo, go bhfuil na fíoracha sa lántimpeall seachas péinteáilte. Is féidir caitín na veilbhite a fheiceáil, agus róbaí damaisc an Phápa ag sioscadh agus ag lonrú, fionnadh bog nádúrtha na líneálacha, agus aithris chomh sciliúil sin ar an ór agus an síoda gur cosúla le fíorór agus fíorshíoda iad ná le péint.*

*Ansin tá leabhar dathmhaisithe páir ann atá lánréalaíoch ar fad agus cloigín beag thar a bheith álainn déanta as airgead saoirsithe. Ar na mionghnéithe eile tá liathróid óir sciomartha ar chathaoir an Phápa, liathróid atá chomh lonrach sin go bhfrithchaitheann sí an solas ó na fuinneoga ar ghuaillí an Phápa agus ar na ballaí timpeall an tseomra.*

Foinse: Giorgio Vasari, *Lives of three Renaissance Artists*, Londain: Penguin Classics, 2006.

1. Cé a phéinteáil portráid den Phápa Leo agus beirt dá chuid Cairdinéal?
2. Cad a bhí go lánréalaíoch ar fad sa phictiúr, dar le Vasari?
3. Cad a thaitin le Vasari faoi na fabraicí péinteáilte sa phictiúr?
4. Cad a thaitin le Vasari faoin bpictiúr den liathróid óir ar chathaoir an Phápa?
5. Seachas Raphael agus Michelangelo, ainmnigh ealaíontóir amháin de chuid na hAthbheochana.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Niccolo Machiavelli.
2. An “Réabhlóid Bheatha”.
3. Martin Luther.
4. Cogáí Hapsburg/Valois.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh tábhachtach agus a bhí Michelangelo Buonarroti mar ealaíontóir?
2. Conas a phleanáil Críostóir Colambas a chéad turas trasna an Atlantaigh agus conas a chuir sé i gcrích é?
3. Cén fáth ar tháinig an Ghinéiv chun cinn mar lárionad tábhachtach don Reifirméisean?
4. Conas a chuaigh colscaradh Anraí VIII agus Chaitríona Aragon i bhfeidhm ar chúrsaí reiligiúin i Sasana?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*  
**Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht sa séú haois déag déanach, 1567-1609**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Léigh an sliocht seo a leanas as leabhar le scoláire ónár linn féin faoi Matteo Ricci agus Mhisean na nÍosánach sa tSín agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhí cuspóir lárnach straitéis Matteo Ricci chun an misean a chur ó bhaol bainte amach nuair a shroich na hÍosánaigh príomhchathair na himpireachta ag deireadh mhí Eanáir 1601. Agus Íosánach socraithe i bPéicing – le hordú ón impire féin – mhéadódh ar an meas ar Chumann Íosa sa tSín chomh maith leis an meas ar Ricci féin.*

*Ní furasta dul chun áibhéile maidir le tábhacht na caoi ar glacadh le Ricci ag an gcúirt. Ba ghearr go raibh iomrá áirithe air sa phríomhchathair, rud a bhí fíorthábhachtach do shábháilteacht an mhisin agus dá leathnú sa todhchaí. A luaithe agus a shocraigh Ricci agus Pantoja síos, tharraing siad scuaidrín mandairíní agus lucht léinn ar cuairt chucu agus iad ag iarraidh na hearraí coimhthíocha a bhí acu le tabhairt don impire a fheiceáil.*

Foinse: Liam Matthew Brockey, *Journey to the East: The Jesuit Mission to China, 1579-1724*, Belknap, Harvard, 2007.

1. Cathain a shroich na hÍosánaigh Péicing, príomhchathair na himpireachta?
2. Cé a thug cead do na hÍosánaigh lonnú i bPéicing?
3. Cén fáth ar thug mórán mandairíní agus lucht léinn cuairt ar na hÍosánaigh?
4. Cad a bhí thar a bheith tábhachtach do shábháilteacht mhisean na nÍosánach?
5. Luaigh rud amháin a bhain Matteo Ricci amach le linn a thréimhse sa tSín.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Teicnící maidir le húsáid talún san Eoraip, 1567-1609.
2. Liam Tostach.
3. Sasana in aimsir Eilíse.
4. Tycho Brahe agus an réalteolaíocht.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhain le hArmáid na Spáinne don Spáinn?
2. Cén fáth ar tháinig meathlú ar chalafort Antuairp (Antwerp) sa tréimhse seo?
3. Cad iad na príomhaidhmeanna a bhí ag Catherine de Medici agus ar bhain sí amach iad?
4. Cén fáth a meastar gur dhuine de mhórphearsana na tréimhse seo é Michel de Montaigne?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*  
**Dul ar gcúl na Sean-Eorpa, 1609-1660**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Seo cuntas ar Shéarlas II agus é ag filleadh ar Londain óna dheoraíocht lena athghairm mar Rí Shasana. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Chuaigh Séarlas go Rochester ar an Luan. An lá dar gcionn, a lá breithe, 29 Bealtaine 1660, chuaigh sé isteach i Londain; bhí sluaite chomh mór sin bailithe ar na bealaí ar fad anonn as Dover agus an oiread sin gártha molta acu go gceapfá go raibh an ríocht ar fad bailithe le chéile ann.*

*Bhuail an t-ardmhéara agus na bardasaigh leis in aice le Greenwich agus ó thuaidh uaidh, agus níl insint béil ar na dearbhuithe áthais a rinne siad. Agus bhí an plód daoine chomh mór sin go ndeachaigh an rí ag marcaíocht i slua ón droichead go Temple Bar; agus níor thúisce Whitehall sroichte aige ná gur chaith na feisirí ó dhá theach na parlaiminte iad féin go sollúnta faoina chosa, agus gach aon mhóid cheana agus dílseachta acu dó go deireadh an domhain.*

Foinse: Edward Hyde, iarla Clarendon, *The History of the Rebellion and Civil Wars in England*, Oxford University Press, 1955.

1. Conas a fáiltíodh roimh Shéarlas II ar an mbóthar as Dover go Londain?
2. Cé a bhuail le Séarlas ag Greenwich?
3. Conas a thaistil an rí go Temple Bar?
4. Cad a tharla ag Whitehall?
5. Cén fáth a raibh Séarlas II ar deoraíocht, 1651-1660?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Éirí amach na gCatalónach.
2. Géarleanúint na gCailleach.
3. Marie de' Medici.
4. An Cogadh Tríocha Bliain.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén chumhacht a bhí ag Impireacht na hOllainne san Áise?
2. Cén fáth ar chuir an Chúistiúnacht Galileo ar a thriail agus cén toradh a bhí uirthi?
3. Conas a chuir Richelieu le fás an absalóideachais sa Fhrainc?
4. Cad a chuir Claudio Monteverdi agus/nó Peter Paul Rubens leis an gceol agus leis an ealaín bharócach?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*  
**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Léigh an cuntas seo a leanas ar André le Nôtre a chruthaigh garraíodóireacht tírdhreacha na Fraince, a bhásaigh in 1700, agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhásaigh le Nôtre thart ar an am seo. Bhí togha na sláinte aige ar feadh ocht mbliana agus ceithre scór agus choinnigh sé a mheabhair, a bhreithiúnas agus a chumas go dtí an deireadh. Bhain sé cáil amach as ucht na gairdíní breátha a mhaisíonn an Fhrainc go léir a dhearadh. Tá clú na ngairdíní Iodálacha chomh laghdaithe sin acu go dtagann na hailtirí tírdhreacha is mó le rá san Iodáil chun na Fraince anois chun staidéar a dhéanamh orthu agus chun taitneamh a bhaint astu.*

*Bhí le Nôtre macánta, ionraic agus díreach simplí ina chuid cainte. Bhí cion agus meas ag gach duine air, mar nach raibh aon éirí in airde ag baint leis agus nach ndearna sé dearmad riamh ar a ionad féin sa saol. Bhí sé i gcónaí cothrom agus d'oibrigh sé chomh cúramach agus chomh dícheallach céanna pé acu an ag pátrúin phríobháideacha nó ag an rí féin a bhí sé fostaithe. Ní raibh uaidh ach cuidiú leis an dúlra agus an fhíoráilleacht a léiriú, agus é sin a dhéanamh ar an gcostas ba lú ab fhéidir. Bhí ionracas ag baint leis, cneastacht shimplí a bhí go hálainn ar fad.*

Foinse: Duc de Saint-Simon, *Saint-Simon at Versailles*, arna aistriú ag Lucy Norton, Hamish Hamilton, 1958.

1. Cén fáth a raibh cáil ar le Nôtre?
2. Cén tír Eorpach a raibh cáil uirthi maidir le garraíodóireacht tírdhreacha roimh Le Nôtre?
3. Cé dó/dóibh a mbíodh le Nôtre ag obair?
4. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag le Nôtre ina gharraíodóireacht tírdhreacha?
5. Ainmnigh ceann amháin de na gairdíní cáiliúla a dhear sé.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Peadar Mór na Rúise.
2. Turnamh mhonarcacht na Stíobhard.
3. Fairsingiú cathracha san Eoraip, 1660-1715.
4. Gottfried Wilhelm Leibnitz.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cá raibh Comhlacht Sasanach na hIndia Thoir ag feidhmiú agus cén príomhghnó a bhí aige?
2. Cérbh iad na Streltsy agus cad iad na haidhmeanna a bhí acu?
3. Céard iad na buaicphointí a bhain le gníomhréim mairnéalachta Sir Henry Morgan?
4. Cé mhéid tionchair a bhí ag Madame de Maintenon ar Louis XIV agus ar a chúirt ríoga?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*  
**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scrios crith talún Liospóin ar Lá na Naomh Uile, 1 Samhain 1751, agus bhásaigh timpeall céad míle duine. Seo a leanas sliocht as litir a scríobh Voltaire chuig cara leis. Tá sé an-suaite agus ceistíonn sé tuairimí na linne. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Níl aon dabht ach gur cuid chruálach d'fhealsúnacht an nádúir é seo! Beidh sé deacair againn a fháil amach conas a fheidhmíonn dlíthe na gluaisne i dtubaistí uafásacha mar sin agus an saol chomh maith sin – áit ar maraíodh céad míle seangán, ár gcomharsana, ar charn seangán ar ala na huaire, leath díobh ag saothrú an bháis go cráite pianmhar faoi smionagar nárbh fhéidir iad a shaoradh uaidh, teaghlaigh ar fud na hEorpa go léir fágtha i dtuilleamaí na déirce agus saibhreas cúpla céad ceannaí slogtha ag smionagar Liospóin.*

*Cad é mar chluiche áidh é saol an duine! Cad a bheidh le rá ag na seanmóirithe – go háirithe má bhíonn Pálás na Cúistiúnachta fós ina sheasamh! Ba chóir go múinfeadh sé sin do dhaoine gan a bheith ag déanamh géarleanúna ar a chéile: mar fad agus a bhí cúpla pleota bréagchráifeach ag dó cúpla díograiseoir, d'oscail an talamh agus shlog an uile chineál duine gan aon idirdhealú a dhéanamh.*

Foinse: Voltaire, *Voltaire in his Letters, Being a selection from his correspondence*, John Murray, 1919.

1. Cé mhéad duine a bhásaigh mar thoradh ar an gcrith talún i Liospóin?
2. Cén fáth nárbh fhéidir níos mó daoine a shábháil?
3. Cé mhéad ceannaí a chaill a gcuid saibhris mar thoradh ar an gcrith talún?
4. Cad a bheidh deacair a mhíniú, dar le Voltaire?
5. Luaigh rud amháin a chuir Voltaire leis an Eagnaíocht san Eoraip.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Caitríona Mhór.
2. Marsantachas agus *laissez-faire*.
3. Benjamin Franklin.
4. Tógáil bóithre agus canálacha.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhain leis an *Encyclopédie* i gcultúr na hEorpa?
2. Cén tionchar a bhí ag trádáil idirnáisiúnta siúcra agus sclábhaithe ar phlandálacha sclábhaithe na nIndiacha Thiar?
3. Cad iad na nithe ba chúis le Réabhlóid Mheiriceá?
4. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Feardorcha Mór na Prúise nó ag Maria Theresa na hOstaire agus cad a d'éirigh leis nó léi a bhaint amach?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*  
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Léigh an sliocht seo a leanas as paimfléad leis an iriseoir radacach, Jean Paul Marat, agus é ag tabhairt foláirimh faoi fhrithréabhlóidithe, agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

*A shaoránaigh de gach aois agus gach céimíocht! Ní hiad na bearta atá glactha ag an gComhthionól Náisiúnta na bearta a shábhálfaidh ón léirscrios sibh. Beidh bhur bport seinnte go deo na ndeor mura dtéann sibh i mbun troda, mura nglacann sibh chugaibh féin arís an laochas cróga a shábháil an Fhrainc faoi dhó roimhe seo, ar an 14 Iúil agus ar an 5 Deireadh Fómhair.*

*Tugaigí ar ais an Rí agus cuirigí laistigh de bhur gcuid ballaí é, déanaigí é a ghardáil go cúramach, agus biodh sé freagrach daoibhse as a dtarlaíonn. Cuirigí an bhean Ostarach [an Bhanríon Marie Antoinette] agus a deartháir céile faoi ghlas sa chaoi nach féidir leo a bheith ag beartú comhcheilge feasta. Gabhaigí na hairí ar fad agus a gcuid giollaí, agus cuirigí i gcuibhreacha iad.*

*Deifrigí, deifrigí, mura bhfuil sé ródhéanach fós, nó is gearr go dtiocfaidh sluaite gan áireamh de bhur naimhde sa mhullach oraibh. Is gearr go bhfeicfidh sibh lucht na pribhléide ag éirí an athuair.*

Foinse: Jean Paul Marat, “*C’en est fait de nous*” (“*Tá ár bport seinnte*”), 26 Iúil 1790.

1. Cé hiad na daoine ar ar dhírigh Marat an paimfléad seo?
2. Cé hiad na baill den teaghlach ríoga a bhfuil Marat ag iarraidh ar na daoine iad a ghabháil agus a chur i bpríosún?
3. Cé hiad na ceannairí eile a bhfuil Marat ag iarraidh ar na daoine iad a ghabháil agus a chur i bpríosún?
4. Cén foláireamh a thugann sé faoina dtarlóidh agus é ag iarraidh na daoine a scanrú chun dul i mbun gnímh?
5. Tabhair cúis amháin le Réabhlóid na Fraince a thosú in 1789.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Na cúiseanna le fás an daonra san Eoraip, 1775-1815.
2. Tom Paine.
3. Madame de Stael.
4. Cealú thrádáil na sclábhaithe.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag Bunreacht Sibhialta na Cléire ar an bhFrainc?
2. Conas a d’athraigh Manchain mar gheall ar an Réabhlóid Thionsclaíoch?
3. Cén tionchar a bhí ag Napoléon ar an Eoraip?
4. Cad a chuir Mary Wollstonecraft le cúrsaí smaointeoireachta san Eoraip?

# **Leathanach Bán**

# **Leathanach Bán**